# NUACHT É ICEA-SCOILEANNA

Aibreán 2016

## San eagrán seo:


- Mórghlantóireacht an Earraigh - Glanadh suas i mBaile An Chláir
- Dúshlán Taistil Translink - glaonna deiridh
- Eolas is Déanaí ar Bhrat Glas
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht scoileanna: Brat Glas do Christ the Redeemer
- Nuacht na gComhpháirtithe- Dúshlán Mór Wheelie, Bee Curious
- Éicea-Scoileanna Ambasadóra
- Comórtais - Spriocdháta Briseadh ar son Balcaisí' Cash for Clobber
- Nuacht Eile
- Brait Ghlasa na Míosa


## Am Mhórghlantóireacht an Earraigh do Scoileanna Bhaile An Chláir

**Ná déan dearmad do [thacaíocht](#) don fheachtas Is Breá linn an Baile seo a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**

Shocraigh Éicea-Scoil Ambasadóra, Fairview Primary i mBaile an Chláir, ar an bhruscar a throid, ní sa scoil amháin, ach fosta amuigh i measc an phobail. Thug siad cuireadh do thrí scoil áitiúla eile lámh chuidithe a thabhairt dóibh le hEastát na Gráinsí a ghlanadh: Ballyclare Primary, Ballyclare High agus Tír na nÓg Primary. Ghlac 43 daltaí agus múinteoirí páirt agus fuair siad tacaíocht ó Keep Northern Ireland Beautiful, Wrigley, ASDA agus Grúpa Pobail na Gráinsí. Níor chuir an fhearthainn isteach ar na scoláirí díograiseacha a bhailigh 16 mhála bruscair.

Chláraigh Fairview Primary School an glantachán fosta ar na glantacháin is mó de chuid Mórghlantóireacht an Earraigh, Live Here Love Here, Tuaisceart Éireann. Gach bliain glacann na mílte duine, scoil agus grúpaí pobail páirt i Mórghlantóireacht an Earraigh; le páirt a ghlacadh ann nó le níos mó a fhoghlaim faoi gabh chuig www.liveherelovehere.org.

Tá an glantachán mar chuid d'fheachtas Wrigley's Litter Less ag Fairview', trína ndéanfaidh siad féin, agus tríocha scoil eile ar fud Thuaisceart Éireann a seacht ndícheall dul i ngleic leis an bhruscar agus an dramhaíl . Tá lúcháir ar Keep Northern Ireland Beautiful go mbeidh muid i mbun an fheachtais don chúigiú bliain trí chlár Éicea-Scoileanna i gcomhpháirt leis an Fhondúireacht don Oideachas Imshaoil. Tá an feachtas domhanda seo á reáchtáil in 31 tír ar fud na cruinne, ag ardú feasachta maidir le fadhbanna bruscair agus ag spreagadh athruithe dearfacha iompraíochta.




*Daltaí ó Ghlanadh Suas Fairview Primary, Ballyclare Primary, Tir-na-nÓg Primary agus Ballyclare High.*

## Glaonna deiridh do Dhúshlán Taistil Translink i mbliana.



Tá am go fóill ann páirt a ghlacadh i nDúshlán Taistil Translink (*Translink Travel Challenge*) na bliana seo. Is é **23 Bealtaine** an spriocdháta d'iontrálacha sa chomórtas agus ciallaíonn sé sin gurb é **9 Bealtaine** an dáta deireanach a dtig leat tosú ar an dúshlán coicíse.

Spreag taisteal inbhuanaithe chun do scoile agus déan do thorthaí a thaifeadadh leis na hacmhainní atá curtha ar fáil. Seol chugainn do thorthaí agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach Iompair ar siúl i do scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar chatagóir Tionscadal #Corraitheoirí Cliste agus tá seans agat duais a bhaint.

Reáchtálfar searmanas ceiliúrtha gradaim i Stáisiún Láir Bhéal Feirste Dé Céadaoin 8 Meitheamh. Déanfar ainm gach scoile a sheolann torthaí isteach a iontráil i gcranchur duaise le haghaidh turas scoile go Baile Átha Cliath le Bus Uladh / Ulsterbus. Ní comórtas amháin é seo ach tionscadal iontach ina dtugtar amach a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta. Amharc ar www.translink.co.uk/ecoschools le tuilleadh eolais a fháil ar na duaiseanna agus ar na hacmhainní iontacha nó cuir r-phost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## An t-eolas is déanaí ar iarratas ar Bhrat Glas.



Comhghairdeas leis na scoileanna uilig ar éirigh leo a n-iarratas don Bhrat Glas a chur isteach chugainn faoin spriocdháta. Tá líon níos mó scoileanna ag cur isteach i mbliana ná aon bhliain eile agus táimid ag oibriú tríothu á bpróiseáil uilig. Murar chuala tú uainn go fóill, cluinfidh tú ar ball. San idirlinn murar mhiste libh dátaí atá a fhios agaibh go cinnte ***nach*** bhfóirfeadh daoibh i mí na Bealtaine nó an Mheithimh a chur ar r-phost chuig cathy.gorman@keepnorthernirelandbeautiful.org, chuideodh sé sin linn dátaí measúnaithe a eagrú daoibh.

Ar chaill tú an spriocdháta? Ná bí buartha, is féidir leat d'iarratas a chur isteach **ag am ar bith sa bhliain**, cé gur dócha gur i Meán Fómhair /mí Dheireadh Fómhair a dhéanfar measúnú ar iarratais a sheoltar isteach anois.

## Feachtas na nGráinneog -

*Mar chuid de thionscnamh nua Sheaimpíní Speiceas NIEL, áitíonn Mark H Durkan, an tAire Comhshaoil, ar gach scoil cuidiú lenár ngráinneoga dúchasacha. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois go bhfuil níos lú ná 1 mhilliún gráinneog fágtha.*



Anois agus an tEarrach linn ba chóir go mbeadh gráinneoga ag bogadaigh thart. Beidh siad ar lorg céile agus titeann aimsir láith na ngráinneog amach timpeall Bhealtaine-Mheithimh. Tugann cinn fhireanna iarraidh cinn bhaineanna a mhealladh le linn babhtaí fada ina mbíonn ciorclú go minic agus a lán seitreach agus séideadh rithimeach. Meallann an rírá seo fireanna iomaíocha ar an láthair agus mar sin de in amanna cuirtear isteach ar an tsuirí nuair is ga aghaidh a thabhairt ar na stocairí agus cuireann fireanna iomaíocha gothaí troda orthu féin chuig a chéile; ní rud neamhghnách é mulchadh nó dul in adharca a fheiceáil agus dul sa tóir. Léigh tuilleadh anseo ...

Thiocfadh leat roinnt smailceanna blasta a fhágáil amach do ghráinneoga a bhíonn ar cuairt ag do scoil nó i do gharraí. Coinnigh cuimhne áfach, mar a tharlaíonn déanann an bainne dochar do ghráinneoga! Léigh tuilleadh anseo...

Má chonaic tú gráinneoga ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat chun roinnt linn, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org amharc ar Fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

## Nuacht Scoileanna:
## Faigheann Christ the Redeemer Primary School, Béal Feirste, onóir an Bhrait Ghlais




Bhí ríméad ar Christ the Redeemer Primary School i mBéal Feirste nuair a bronnadh Brat Glas Éicea-Scoileanna orthu an mhí seo, gradam a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta ag dul leis. Bhí an scoil ag díriú ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil díobhálach don chomhshaol agus bhí na daltaí ag obair go dian chun bruscar agus dramhaíl a laghdú, fuinneamh a shábháil agus smaoineamh ar a dtionchar ar an chomhshaol ar bhonn domhanda. Tá baint ag daltaí uilig na scoile in éicea-thionscadail dhifriúla chomh maith le gníomhaíochtaí praiticiúla ar fud na scoile. Is féidir amharc ar roinnt físeáin iontacha atá déanta acu ar thopaic an athraithe aeráide anseo.

Rinne an scoil obair le hÉicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann ar roinnt tionscadail dhifriúla ina measc 'Dúshlán Mór Wheelie' ('Wheelie Big Challenge'), a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, tionscadal agus comórtas ar théama na dramhaíola ina scrúdaíonn daltaí níos grinne an bruscar a bhíonn á chaitheamh ina gcuid boscaí bruscair ar scoil agus ina smaoiníonn siad ar bhealaí chun níos mó a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil. Tá ardáthas ar Keep Northern Ireland Beautiful tacaíocht a fháil ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste agus iad ag soláthar an chláir seo de chuid Éicea-Scoileanna rud a d'fhág gur Scoileanna le Brat Glas anois iad 20% de scoileanna i gceantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.

## Nuacht na gComhpháirtithe:
### Tugann scoileanna Bhéal Feirste faoi Dhúshlán Mór Wheelie




Bhí 20 scoil ó cheantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste ag breathnú ar cheisteanna athchúrsála agus cur amú bia mar chuid de Dhúshlán Mór Wheelie (***Wheelie Big Challenge***) na bliana seo. Déanfaidh scoileanna iniúchadh dramhaíola agus glacfaidh siad céimeanna chun dramhaíl a laghdú. Déanfar cur síos ar na gníomhartha agus ar na torthaí ansin agus cuirfear iad sin isteach mar iontrálacha i gcomórtas a mbeidh a bhreith dheiridh ann ar 10 Meitheamh sa Halla Mhór, in Halla na Cathrach, Béal Feirste. Tá tréan ama ann go fóill le páirt a ghlacadh nó beidh an tionscadal ar siúl go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Soláthraítear fosta acmhainní saor in aisce agus ciseáin bhruscair nó piastlann. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le cathy.gorman@keepnorthernirelandbeautiful.org.

### Bee Curious - Dé Sathairn 11 Meitheamh: 11am – 4pm

Is í an aidhm atá leis an imeacht Fiosrú Beach (*Bee Curious)* ag Ionad Fionnachtana Loch nEachach (*Lough Neagh Discovery Centre*) ceiliúradh a dhéanamh ar luach na bpailneoirí agus an tábhacht atá leo maidir le táirgeoirí áitiúla bia agus le saol na tuaithe trí chéile. Tugann an lá saor seo amach do theaghlaigh léargas corraitheach dúinn ar dhomhan draíochta na mbeach trí thaispeántas a thabhairt ar choirceog bheo ina dtig leat beacha a fheiceáil i mbun oibre le do shúile cinn féin, gach rud a fhoghlaim faoi bheachaireacht agus amharc ar an trealamh a úsáidtear, an dóigh le do gharraí a dhéanamh tarraingteach ag na pailneoirí seo chomh maith leis an deis a bheith agat táirgí céarach a cheannach ina measc mil ghalánta agus cosmaidí sómasacha!

Chomh maith le beacha agus pailneoirí eile ag crónán, ina measc féileacáin, béchuileanna agus beacha gabhair, beidh an cócaire mór le rá Jenny Bristow i láthair ag an imeacht teaghlaigh seo agus í ag tabhairt taispeántais chócaireachta thar a bheith blasta agus ag tabhairt leideanna duit ar an dóigh le cuidiú úsáid i do chuid oideas féin a rinne na pailneoirí – agus beidh sampláil ann ar roinnt ruainní róbhlasta!

Sa bhreis air sin ar fad beidh gníomhaíochtaí ealaíne agus ceardaíochta ann, aghaidh-phéinteáil, siúlóid thart ar na beacha, ceardlanna cóiriú bláthanna, quizeanna, fíodóireacht saileach, stainníní ag díol torthaí agus glasraí a fásadh agus a táirgeadh go háitiúil, seatnaí agus olaí chomh maith le plandaí agus bláthanna dúchasacha—is cinnte gurb é seo an dóigh le cuidiú leis an chlann filleadh ar an dúlra.

Arna eagrú ag Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Chreag Abhann, tarlóidh Bee Curious dé Sathairn 11 Meitheamh óna 11am go dtí a 4pm. Is gá siúlóidí treoraithe ar an lá a chur in áirithe roimh ré. Amharc ar www.facebook.com/oxfordislandnaturereserve le tuilleadh a fháil amach nó déan teagmháil leis an Ionad Fionnachtana ag 028 3831 1673.

## Fógra le haghaidh Oibrithe Deonacha Éicea-Scoileanna:

Is carthanas é Keep Northern Ireland Beautiful, oibreoir Éicea-Scoileanna, a chuireann fáilte i gcónaí roimh oibrithe deonacha chun cuidiú le hobair chrua reáchtáil an chláir inár gcuid scoileanna iontacha go léir chun cuidiú le dul chun cinn i dtreo a gcuid gradaim Éicea-Scoileanna. Thiocfadh le saorálaithe nó daoine deonacha a bheith ag cuidiú linn tionscadail nó imeachtaí áirithe a eagrú, ag cuidiú le tascanna riaracháin oifige, oiliúint a fháil mar mheasúnóir Bhrat Glas Éicea-Scoileanna nó a bheith amuigh ar cuairt chuig scoileanna a thabhairt comhairle dóibh ar an chlár.

Má tá an t-am agus an díograis agat le lámh chuidithe a thabhairt dúinn, agus más suim leat an timpeallacht, an t-oideachas agus spreagadh a thabhairt do dhaoine óga agus dá mba mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim, gabh i dteagmháil linn ar 028 9073 6920 agus labhróidh muid faoi nó seol r-phost chuig eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Rannán nua Éicea-Scoileanna Ambasadóra ar an suíomh idirlín.




Má bhí tú ar cuairt ar na mallaibh ar an suíomh idirlín s'againn www.eco-schoolsni.org b'fhéidir gur thug tú faoi deara go ndearna muid nuashonrú ar an chuma atá ar an suíomh agus ar a fheidhmiúlacht.

Breiseán a cuireadh leis an suíomh le deireanas is ea an roinn Éicea-Scoileanna Ambasadóra faoin táb 'Gradaim' . Is féidir leat léamh anseo cad é a chiallaíonn sé a bheith i d'Éicea-Scoil Ambasadóra agus is féidir a fháil amach cad é a bhí ár 10 n-Éicea-Scoileanna Ambasadóra iontacha reatha a dhéanamh. Tá súil againn cur leis an scéim Éicea -Scoil Ambasadóra sa chéad scoilbhliain eile mar sin de más dóigh leat gur mhaith leat páirt a bheith agat inti nó tuilleadh a fhoghlaim coinnigh súil amuigh le haghaidh an eolais is déanaí nó déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:
## Éicea-Scoileanna SAM ar lorg Conair Bia inbhuanaithe

Tá corradh le 30 milliún páiste sna Stáit Aontaithe a itheann lón scoile cúig lá na seachtaine, 180 lá sa bhliain. Ar an drochuair, tá bunús na lónta seo líonta le bianna próiseáilte ar dhroch-chaighdeán a chuireann le raimhre, diaibéiteas, achair airde laghdaithe agus drochghráid i measc páistí, Spreagann Conair an Bhia Inbhuanaithe scoileanna chun céimeanna a ghlacadh ar nós garraithe scoile agus feirmeoirí áitiúla a úsáid le bianna níos sláintiúla a sholáthar agus lena lorg coise comhshaoil a laghdú. Foghlaim níos mó faoin Chonair Bia Inbhuanaithe.



Thug Michelle Obama cuairt ar Éicea-Scoil, Philip's Academy Charter School, in New Jersey, mar cheann dá hiarrachtaí chun bia folláin a chur chun tosaigh i scoileanna. Amharc ar an Tvuít ó Éicea-Scoileanna SAM agus ná bíodh leisce ort í a roinnt nó a atvuíteáil (a athghiolcadh)!

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Tá Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann á reáchtáil ag an charthanas Keep Northern Ireland Beautiful. Seo na scéalta is deireanaí nuachta ó rannóga eile dár n-eagraíocht:

## Glanaimis an Eoraip!




Comhghairdeas le Lismore Comprehensive School, i gCreag Abhann, ós iad an chéad scoil i dTuaisceart Éireann lena ngníomhaíocht, Glanaimis an Eoraip, a chlárú.

Thar na blianta is iomaí feachtas glantacháin a tionscnaíodh sa Eoraip le dul i ngleic le fadhb an bhruscair. Tá sé i gceist leis an **Lá Glantacháin Eorpach**, Glanaimis an Eoraip, na tionscnaimh seo a tharraingt le chéile ionas go mbeidh imeacht glantacháin uile-Eorpach ann a tharlaíonn ar an lá céanna ar fud na mór-roinne, sa dóigh is go mbeidh baint ag oiread saoránach leis agus is féidir agus teacht acu air. Tarlóidh an Lá Glantacháin Eorpach i mbliana ó **6-8 Bealtaine 2016**.

Is furasta páirt a ghlacadh sa tionscnamh Glanaimis an Eoraip agus tig leat do chuid gníomhartha a chlárú ar an suíomh idirlín atá ag Is Breá Linn an Baile Seo (*Live Here Love Here*) www.liveherelovehere.org. Le cuidiú le d'imeacht seolfaidh muid pacáiste glantacháin chugat agus roinnt acmhainní eile le gur féidir leat d'imeacht Glanaimis an Eoraip a phoibliú. Is í seo an deis s'againn mar shaoránaigh Eorpacha teacht i gcomhar lena chéile chun an timpeallacht a ghlanadh, agus dul i ngleic le ceist an bhruscair, trína thabhairt le fios do na rannpháirtithe a oiread bruscair a dhumpáiltear ina gcomharsanacht féin agus ar fud na hEorpa. Tugann an ghníomhaíocht seo deis uathúil dúinn feasacht a ardú i measc saoránach ar fhadhb an bhruscair agus cur le hathrú iompair ina leith.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi Glanaimis an Eoraip agus faoin dóigh le gníomh glantacháin a eagrú ach an acmhainn Bileog Fíricí ar 'Glanaimis an Eoraip' a léamh.

## Comórtais:
## Comórtas Briseadh ar son Balcaisí (*Cash for Clobber*) - Spriocdháta 31 Bealtaine.

Is modh iontach é 'Briseadh ar son Balcaisí' ag Athchúrsálaithe Teicstílí na Coirre Críochaí/Cookstown Textile Recyclers Cookstown (CTR) chun airgead a bhailiú do thionscadail comhshaoil do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar son na n-éadaí a bhailíonn siad, **40 pingin in aghaidh an Kilo**, a shórtáiltear uilig go háitiúil agus a dháiltear ansin ar thíortha ar fud an domhain atá ar an ghannchuid nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta.

Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir chomhshaoil acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann. Is iad a thug urraíocht do thopaic dramhaíola s'againn le sé bliana anuas. Thiocfadh leat suas le £3000 a bhaint do do scoil ach gach cineál éadaí agus bróg (péirí amháin), teicstílí tí agus málaí (gan duivéanna ná ceannadhairteanna san áireamh) a athchúrsáil.



*St Joseph's Primary, Ceathrú Uí Dhuibh, buaiteoirí in 2015.*

**Tosaigh a bhailiú anois! – ní thiocfadh leis a bheith níos fusa:**


An scoil is mó a bhailíonn seanéadaí in aghaidh an dalta, bainfidh sí duais iontach airgid. Tá trí bhanda ann le duaiseanna a bhaint, ag brath ar mhéid do scoile.

| Banda 1 = Suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Os cionn 250 dalta |
|---|---|---|
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Beidh an Comórtas ar siúl ó 1 Meán Fómhair 2015 - 31 Bealtaine 2016. Le haghaidh breis eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna.

Chun bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a shocrú do do scoil, gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó scairt ar 028 9447 8880.

## Acmhainní Trócaire  - S.O.S: Acmhainní Idirghníomhacha Foghlama agus Nótaí Treorach.




Is clár oideachais forbartha é SOS do pháistí ag Eochairchéim 1/2 (blianta 3-5) a dhéanann taiscéaladh ar an téama ‘Mé Féin’, ’Daoine Eile agus ár gcaidreamh le ’Stuif’ agus le tomhaltachas, ar tháinig an smaoineamh lena aghaidh ó roinnt den ábhar ar shuíomh idirlín Scéal an Stuif.  Tá mar aidhm ag an acmhainn:

- Féinmheas agus féinluach an pháiste a ardú trí rudaí a fhiosrú a dhéanann speisialta iad.
- Tógáil ar fhéintuiscint na bpáistí trína gcaidreamh le daoine eile agus go háirithe trínár gcaidreamh le deisceart an domhain.
- Fiosrú conas a dhéanaimid cinntí agus roghanna, go háirithe I dtaca le  tomhaltachas agus mar a imríonn siad sin tionchar ar dhaoine i gcodanna eile den domhan.

**Tá an acmhainn ar fáil ar  shuíomh idirlín Trócaire...**

## Nuacht Eile: Scoláirí a chur i mbun an bhruscair.

Tá Zilch UK chomh díograiseach linn féin faoi bhruscar a  chosc agus sin an fáth ar chruthaigh siad acmhainn nua ar líne dírithe ar scoláirí iar-bhunscoile; scoláirí idir 11 agus 18 mbliana d’aois.

Iarrann an ceistneoir ar líne ar scoláirí 30 cúis nár chóir bruscar a chaitheamh a chur in ord, a chur in iúl cén cineál teachtaireachtaí a thabharfadh orthu féin agus ar a gcuid piaraí gan bruscar a chaitheamh, agus a rá cad iad na tosca a thabharfadh orthu gan bruscar a thógáil.

Agus iad ag tabhairt faoin ghníomhaíocht seo, déanfaidh siad mion-iniúchadh ar dhroch-iarmhairtí an bhruscair agus, dá mbeadh siadsan ag caitheamh bruscair, an dóigh a n-amharcfadh a gcuid cairde agus comhghleacaithe orthu.  Is é atá i gceist leis seo uilig dul i bhfeidhm ar an iompar s’acu agus é a athrú chun feabhais.

Ní hé sin amháin é.  Tuillfidh rannpháirtithe luach saothair chomh maith as ucht a n-iarrachta: bronnfar duais £10 ar gach 100ú freagra comhlánaithe agus bronnfar duais £100 ar dhuine ag gach míliú iontráil.

Spreagfaidh sé sin caint nó is féidir an t-eolas sin a scaipeadh ar scoláirí lena dhéanamh ina gcuid ama féin, mar sin de, is fiú amharc ar an nasc seo a leanas http://bit.ly/KNIBZilch agus a oibriú amach cén úsáid is fearr is féidir leat a bhaint as.

## Crainn in aisce!

Tá Iontaobhas na gCoillte (*Woodland Trust*) ag deonú pacáistí crainn dhúchasacha in aisce ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail.

Is féidir le grúpaí roghnú idir pacáistí de  30, 105 nó 420 buinneán, ag brath ar oiread spáis atá ar fáil don phlandáil. Is féidir roghnú ó mheascáin éagsúla de speicis chrann fosta, ina measc pacáistí ar théama an fhómhair, breosla adhmaid agus fiabheatha.

Is dóigh iontach í plandáil chun cuidiú le páistí agus le daoine óga ceangal a dhéanamh leis an dúlra agus foghlaim faoi. Le tuilleadh eolais a fháil, gabh chuig www.woodlandtrust.org.uk/freetrees.

## Brait Ghlasa na míosa seo.

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a ngradam iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo le:

- Ballycraigy Primary, Aontroim
- Dromore Primary, An Ómaigh
- Bunscoil an Iúr, an tIúr
- St Colman’s Primary, Cill Chaoil
- Grosvenor Grammar, Béal Feirste
- Fair Hill Primary, An Droim Mór
- Loanends Primary, Cromghlinn
- St Joseph’s Primary, Cromghlinn
- Ballinderry Primary, Lios na gCearrbhach
- St Columbanus' College, Beannchar
- Greenwood Primary, Béal Feirste
- Carr Primary, Ceathrú Aodha Dhuibh




*Bunscoil an Iúir, Iúr Cinn Trá*




*Dromore Primary, an Ómaigh*




*St Colman’s Primary, Cill Chaoil*

**Déan teagmháil linn ag:**

Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Tel: 028 9073 6920  eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**